

# TOWISSAKOS

## Dráma Aonghnímh

*Achoimre:* An **TAOISEACH**, Enda Kenny, fuadaithe ag **FEAR** is **BEAN** anaithnid. Cad atá uathu? An bhfuil a fhios acu féin? Tá freagraí uathu. Ach an bhfuil na freagraí ag an Taoiseach? An bhfuil na freagraí ag an lucht féachana? Cuirtear go leor ceisteanna ar an Taoiseach, ceisteanna a chuireann mearbhall go minic air. An bhfuil aon cheangal idir na ceisteanna sin go léir?

*Cineál dráma:* Scigdhrama dubh aonghnímh, damhsa agus amhráin tríd. Callairí beaga thall is abhus sa lucht féachana a chiallaíonn go gcloistear cuid de na FXanna agus cuid de na hamhráin agus iad ag teacht ó threonna éagsúla. An frustrachas agus an fhearg a bhraith pobal na hÉireann nuair a theip ar an ngeilleagar atá laistiar den dráma seo ina cheistítear go leor rudaí, an daonlathas féin san áireamh.

*Na Carachtair:* Ní insíonn na fuadaitheoirí mórán fúthu féin. An Cleasaithe iad no Ainrialaithe? Tá **TRASNÁLAÍ** sa lucht féachana. Is í Éire féin ina Cailleach í.

*Suíomh:* Stáitse lom. An **TAOISEACH**, Enda Kenny, T.D. agus dalladh púicín air, é ceangailte de chathaoir, ná lámha laistiar dá dhroim.

TAOISEACH: (*Níl a fhios aige cá bhfuil sé*)

Cá bhfuilim?

Cé sibhse?

Cad tá uaibh?

*(Siúlann an bheirt fhuadaitheoirí timpeall air, duine acu deiseal, an duine eile tuathal.)*

BEAN: Cad tá uainn?  
(*Gáireann an **FEAR***)

FEAR: Cad tá uainn!

TAOISEACH: Sea, cad tá uaibh? Cad tá uaibh?

*(Siúlann siad timpeall arís air, go bagrach)*

Cé sibhse?

BEAN: Cé sinne?  
(*Gáireann an **FEAR***)

FEAR: Cé sinne!

TAOISEACH: Sea, cé sibh féin?

BEAN & FEAR: Cé thusa?

TAOISEACH: Cé mise?

BEAN: Sea, cé thusa!

TAOISEACH: Tá's agat go maith cé mise.  
Is mise an Taoiseach.

BEAN: An Taoiseach!

TAOISEACH: An Taoiseach, sea.

FEAR: (*Á athrá mar mhantra gan chiall*)  
Taoiseach, Taoiseach, Taoiseach, Taoiseach,  
Taoiseach, Taoise- ach?

TAOISEACH: An Taoiseach, sea.

FEAR: Dún do chlab!  
(*Gáireann an **BHEAN***)  
Níor iarr mise ort a bheith i do Thaoiseach!

BEAN: Ná mise.

TRASNÁLAÍ: Ná mise!

FEAR (*Leis an m**BEAN***)  
An bhfuil aithne agat ar éinne a d'iarr air bheith  
ina Thaoiseach?

BEAN: Níl.

FEAR: Éinne?

BEAN: Aon neach beo.

TAOISEACH: Móramh sa Dáil a d'iarr orm bheith i mo  
Thaoiseach.

BEAN: Móramh sa Dáil a d'iarr ort bheith –  
Níor iarr mise ar mhóramh sa Dáil tú a  
cheapadh i do Thaoiseach.  
(*Leis an FEAR*)  
Ar iarr tusa ar mhóramh sa Dáil é a cheapadh  
ina Thaoiseach?

FEAR: D'iarr déarfainn!

BEAN: An bhfuil aithne agat ar éinne a d'iarr ar  
mhóramh sa Dáil é a cheapadh ina Thaoiseach?

FEAR: Fan go bhfeicfidh mé anois.  
(*Ag ligean air a bheith ag smaoineamh*)  
Níl. Níl aithne agam ar oiread is duine amháin  
a d'iarr ar mhóramh sa Dáil é a cheapadh ina  
Thaoiseach.

TRASNÁLAÍ: Ná mise ach oiread!

BEAN: Hmmm ...

FEAR: An dtuigeann tú, ceapann an Taoiseach anseo –  
agus an móramh sa Dáil –

BEAN: Ó! An móramh sa Dáil, sea. Ná déanaimis  
dearmad ar an móramh sa Dáil!

FEAR: Ceapann siad gur leo an tír. Ní leo. Is linne an  
tír chomh maith. Is linne chomh maith í!

TRASNÁLAÍ: Is linn.

BEAN: Bí siúrálte dhó.

(Tost).

(Ardaíonn an **FEAR** a ghiotár agus tosaíonn ag canadh: 'Is linne an tír seo')

Déanann an **BHEAN** rince léirmhínteach agus spreagann an **TRASNÁLAÍ** iad.)

Is leatsa an tír seo is liomsa an tír seo  
Ó Rinn Ó gCuanach siar go Ciarraí  
Ó Oileáin Árann go Geataí Stormont  
Linne go léir is ea an tír.

**TRASNÁLAÍ:** Maith sibh!

Ar bharr Chruach Phádraig i lár na hoíche  
Do chuala scéal mór i mbéal na gaoithe  
Is ní raibh ann ach seacht bhfocal díreach:  
Linne go léir is ea an tír!

**TRASNÁLAÍ:** Is linn ambaist!

Is mé ag siúl liom go Baile Átha Cliath  
Ba chasta an bóthar 'bhí ann dar fia:  
Do thugas léim mhór thar shruth is altán  
Linne go léir is ea an tír.

**TRASNÁLAÍ:** Mo ghrá do sciúch!

Do chuas an bealach ar fad go Teamhair  
Is beag nár chuas-sa as mo mheabhair:  
Tá léirscrios déanta ar shean-Éirinn  
Linne go léir is ea an tír.

**TRASNÁLAÍ:** Mo cheol thú!

Os comhair na Dála do sheasas tamall  
Ghabh Teachta tharam is é ina ghamal:  
'Dia dhuit', ar mé leis, 'Hello!' ar seisean

**TRASNÁLAÍ:** Mo lean géar!

Linne go léir is ea an tír.

Do chuas ag rith as sin im' ghósta  
Sa deireadh bhaineas amach an cósta  
Bhí slua romham ann is iad go deorach –  
Linne go léir is ea an tír.

**TRASNÁLAÍ:** Chugam aniar thú!

Is leatsa an tír seo is liomsa an tír seo  
Ó Rinn Ó gCuanach siar go Ciarraí  
Ó Oileáin Árann go Geataí Stormont  
Linne go léir is ea an tír!

**TRASNÁLAÍ:** Mo ghreidhin go deo!

*(Siúlann siad beirt timpeall arís air)*

**TAOISEACH:** Is this about music? Music rights nó rud éigin mar sin? Ab ea? Mar –

BEAN: Cathain a rugadh thú?

FEAR:L A mhúinteoir! A mhúinteoir! Rugadh Enda  
Kenny ar an 24 Aibreán, 1951.

BEAN: Níl ann ach strapaire d'ógfhear.  
Cé eile a rugadh ar an 24 Aibreán?

TAOISEACH: (*Ag smaoineamh*)  
Eamon Gilmore.

BEAN: (*Gáireann sí*)  
Éinne eile?

TAOISEACH: (*É ag smaoineamh*)  
Uinseann de Pól. Naomh Uinseann de -

FEAR: Uinseann de Pól! Díreach é! Tá sé gnóthach na  
laethanta seo, nach bhfuil, an fear céanna.

TAOISEACH Tá obair mhaith ar siúl ag Cumann Naomh  
Uinseann de Pól, más é sin atá i gceist agat.

FEAR: Tá tá tá tá. Obair mhaith.  
Más obair mhaith é a bheith ag piocadh suas na  
bpíosáí i ndiaidh an scrios atá déanta ar an tír  
seo ag polaiteoirí is baincéirí.

BEAN: Éire! An séú tír déag is saibhre ar domhan  
deirtear agus an tír á rith ag carthanas!  
Cad a chomórtar ar 24 Aibreán gach bliain?

TAOISEACH: (*Ag smaoineamh*)

Níl fhios agam.

BEAN: Cad a chomórtar an an 24 Aibreán?

TAOISEACH: Dúirt mé nach bhfuil fhios agam.

FEAR: An dtabharfaimid leid dó?

BEAN: Tabhair leid don bhfear bocht.

FEAR: (*Cuireann an FEAR téip ar siúl. Cuireann an gléas cóngarach do chluas an TAOISIGH.. Geiteann an TAOISEACH nuair a chloiseann sé na fuaimeanna scanrúla d'ainmhithe éagsúla i bpéin. Tá callairí ar fud na hamharclainne agus baintear preab as an lucht féachana chomh maith. Tar éis tamaill múchann an FEAR an gléas.*)

An bhfuil a fhios agat anois cad eile, seachas do lá breithe, a cheiliúrtar ar an 24 Aibreán?

(*Níl an TAOISEACH in ann labhairt. Croitheann sé a chloigeann*)

BEAN: Lá Domhanda na nAinmhithe Saotharlainne. Smaoineoidh tú air sin an chéad uair eile a bheidh na coinnle á múchadh ar do cháca agat, nach smaoineoidh, a Thaoiseach?

FEAR: Towissakos!

BEAN: Towissakos!

Braithimse uaireanta i m'ainmhí saotharlainne.



TRASNÁLAÍ: Tuigim duit! Ní galar éinne amháin é!

FEAR: Mise chomh maith. Braithim im –  
Francach nó rud éigin.

BEAN: Coinín.  
(*Déanann sí damhsa beag coiníní*)

FEAR: Bhfuil aon trua agat do na coiníní, a  
Thaoisigh?

TAOISEACH: Bhfuil sise ag damhsa nó rud éigin?

FEAR: Tá. Is damhsóir í. Damhsóir dífhostaithe.  
Amhránaí dífhostaithe mise.

TAOISEACH: Cad tá agaibh i mo choinnese?  
Is this about the arts?

FEAR: Arts?

BEAN: Níl aon rud againne i do choinne go pearsanta.  
Táim cinnte gur duine deas thú. Ach cén fáth  
a bhfuil daoine ag fulaingt, cén fáth a bhfuil  
coiníní ag fulaingt?

TAOISEACH: Coiníní?

FEAR: An gcloiseann tú iad? An gcloiseann tú i lár na  
hoíche iad, a Thaoisigh?

TAOISIGH: Na coiníní?

FEAR: *(Ag déanamh aithrise ar aisteoir gallúnaí)*  
Is he 'avin a laugh? Is he 'avin a laugh?  
*(Scigireacht ón mBEAN)*  
Na deoraithe! An gcloiseann tú na deoraithe!  
Ná deoraithe i gcéin.  
*(Canann sé dhá line:)*  
'Beir beannacht óm chroí go tír na hÉireann  
Bánchnoic Éireann Ó ...'

*(Cnead ón TRASNÁLAÍ. Tost. Cloistear an TAOISEACH ag anáilú)*

BEAN: Cén fáth ar réabadh Teamhair?

TAOISEACH: Teamhair?

FEAR: *(Athraíonn an t-ábhar go tobann. Isteach i gcluas an TAOISIGH)*

Cén tuarastal atá agat?

TAOISEACH: Cad tá uaibh? Abair liom!  
Cad tá uaibh?  
Airgead?

BEAN: *(Gaireann sí)*  
Airgead!

FEAR: Airgead!

TAOISEACH: Airgead, ab ea?

FEAR: Airgead! An é sin an chéad rud a ritheann leat,  
a Thaoisigh? An é sin an chéad smaoinemh a  
thagann isteach i do cheann? Airgead, ab ea?

BEAN: Airgead? B'fhéidir go bhfuil scaireanna aige i Lockheed Martin. Anois, sin dream a dhein go maith as an gcogadh san Iaráic.

TAOISEACH: An Iaraic?  
Cad tá uaibh?

BEAN: Freagraí! Tá freagraí uainn.  
Roinnt freagraí!

TAOISEACH: Freagraí? Tá go maith.  
Déanfaidh mé mo dhícheall.

BEAN: Déanfaidh sé a dhícheall.

FEAR: Déanfaidh sé a dhícheall! Táim cinnte go ndéanfaidh! Nach bhfuil a shaol caite aige agus é ar a dhícheall ag cumadh freagraí.

BEAN: Cumann daoine eile na freagraí dó.

FEAR: Freagraí i ndiaidh freagraí i ndiaidh freagraí i ndiaidh freagraí i ndiaidh freagraí.  
Nach n-éiríonn tú riamh tuirseach de?

TAOISEACH: Ní éirím. Táim ag éirí beagáinín tuirseach den chéapar seo áfach.

*(Gan choinne tugann an **BHEAN** boiseog trasna an bhéil dó.)*

BEAN: Cén freagra atá agat air sin?

*(Tost)*

FEAR: Anois, a Thaoisigh, freagair mo cheist le do thoil.

TAOISEACH: (*Suaite*)  
Cén – cén cheist í sin?

FEAR: Cén tuarastal atá agat?

TAOISEACH: Ar nós gach éinne eile tar éis Chomhaontú Bhóthar Haddington, ghlacas le gearradh ar –

FEAR: (*Ag briseadh isteach go borb air*)  
Cén friggin' tuarastal atá agat?

TAOISEACH: €185, 350.

TRASNÁLAÍ: Hath?!

BEAN: €185, 350.

FEAR: Níos mó ná Obama.

BEAN: Níos mó ná Obama.

TAOISEACH: Cad tá uaibh?

FEAR & BEAN: Freagraí.

TAOISEACH: Déanfaidh mé mo dhícheall. Dúirt mé go ndéanfainn mo dhícheall.

FEAR: Déanfaidh sé a dhícheall.

BEAN: Maith an fear.  
Teastaíonn uainn aithne a chur ort.  
(*Cuireann sí méara trína chuid gruaige*)  
Is maith liom do chuid gruaige.

TAOISEACH: Go raibh maith agat.

BEAN: Mín... síodúil ...

FEAR: Ar do chuma féin.  
(*Ligeann an TAOISEACH osna*)

TAOISEACH: In ainm Dé, cad tá uaibh...

FEAR: In ainm Dé....  
  
(*Gáireann an BHEAN*)

BEAN: In ainm Dé!

FEAR: Freagraí. Freagraí atá uainn!

BEAN: (*Cuimlíonn sí a chuid gruaige arís.*  
*Canann líne: 'Grá mo chroí mo pháistín*  
*fionn...')*

TAOISEACH: Táim sásta gach ceist a fhreagairt.  
Ach amháin, ar ndóigh, ceisteanna a bhaineann le slándáil an náisiúin.

BEAN: An gceapann sé gurb é Obama é?  
[*Gáireann an FEAR*)]

FEAR: Ó Buama!  
Ar thug tú do chás speisialta leat?  
Bhfuil tú chun an cnaipe dearg a bhrú?

*(Mím ón mBEAN chun buama a chur in iúl)*

Cá bhfuil do chás uait, a Thaoisigh?  
*(Gáireann siad beirt. Go tobann, tógann an FEAR liosta amach agus tosaíonn sé ag ceistiú an TAOISIGH)*

FEAR: Tá roinnt ceisteanna anseo againn, a Thaoisigh.  
Ceist a haon. Do thuarastal. Tá go maith. Tá freagra faighte againn ar an gceann sin.  
Ceist a dó. Cad is brí leis an bhfocal *towissākos*.

TAOISEACH: Gabh mo leithscéal?

BEAN: An bhfuil cead aige glaoch ar chara leis?

TAOISEACH: Ní thuigim an cheist.

FEAR: Níor thuig sé an cheist. De ghnáth, an dtuigeann tú, bheadh am aige machnamh ar cheist nó ligean dá chuid giollaí freagra éigin a réiteach dó.

BEAN: Tá tú leat féin anois, a bhuachail.  
Freagair an cheist.

TAOISEACH: Is mura bhfreagraím?

*(Tost)*  
TRASNALAÍ: Freagair an cheist!

FEAR: Cad is brí le *towissākos*.

TAOISEACH: Towiss -?

FEAR: Towissakos! Towissakos! Towissakos!

TAOISEACH: Níl fhios agam.

FEAR: Tuairim faoin spéir.  
Cá rabhais ar scoil, a Thaoisigh?

TAOISEACH: Scoil Náisiúnta Naomh Pádraig, Corr na nAbhall.

FEAR: Agus ina dhiaidh sin?

BEAN: De la Salle, Caisleán an Bharraigh.

TAOISEACH: Tá gach eolas agaibh is léir.

FEAR: Agus níor mhúineadar riamh duit i gCorr na nAbhall ná i gCaisleán an Bharraigh an bhrí atá le ‘towissakos’.

TAOISEACH: An mbaineann sibhse le cultas éigin?  
*(Gáireann an bheirt)*

BEAN: Cultas!  
*(Tosaíonn an FEAR ag cantaireacht is an BHEAN ag preabaireacht)*

FEAR: Hare Krishna Hare Krishna  
Krishna Krishna Hare Hare ....  
*(Tost)*

BEAN: Cad is brí le ‘towissakos.’

TAOISEACH: Níl fhios agam.

BEAN: Níl fhios agat.

TAOISEACH: Tuairim faoin spéir. An ceart go mbeadh?

BEAN: Ó ba cheart, ba cheart, ba cheart, a Thaoisigh.

TRASNÁLAÍ: Ba cheart.

TAOISEACH: An focal Gréigise é?  
B'fhéidir gur focal Gréigise é?  
Ní hea?  
Focal i dteanga éigin de theangacha dúchais Mheiriceá?

FEAR: *(Tosaíonn sé ag cantaireacht is ag damhsa mar a dhéanfadh 'Indiach' i scannán)*

Hóca hé! Hóca hé! Hóca hé!

*(Tost)*

An dtabharfaimid leid dó?

TRASNÁLAÍ: Dein!



FEAR: 'Uachtarán', cuir i gcás .... Tuigimid go léir cad is brí leis an bhfocal 'uachtarán'. Uachtar. Tagann an t-uachtar go dtí an mbarr. Nach dtagann? Anois, a Thaoisigh: 'Taoiseach'. Cad is brí le Taoiseach? Cad is brí le Taoiseach, a Thaoisigh?

TAOISEACH: Tuigimid go léir cad is brí le Taoiseach.

BEAN: An dtuigeann?  
Taoiseach. Taoiseach. Taoiseach. Cad is brí leis? Cad as a dtagann sé mar fhocal?

TAOISEACH: Is focal Gaeilge é. Tá's ag madraí an bhaile é sin.

BEAN: Níl fhios ag madraí an bhaile faic.

FEAR: Faic.

TRASNÁLAÍ: Tada.

BEAN: Níl Gaeilge ag madraí an bhaile. A bhuíochas don chóras oideachais.

TAOISEACH: Is this is what this is about? Gaeilge?

FEAR: Sinne atá ag cur na gceisteanna anseo.  
(*Sos*)  
Nuair a ceapadh i do Thaoiseach thú ....

TAOISEACH: Nuair a ceapadh i mo Thaoiseach mé...  
sea...?

BEAN: Ag móramh sa Dáil ...

FEAR: Móramh sa Dáil ...

BEAN: An raibh fhios agatsa ....

FEAR: Agus ag an móramh sa Dáil...

BEAN: Agus ag an móramh sa Dáil . . . go dtagann an focal ‘Taoiseach’ ón bhfocal Luath-Cheiltise –

FEAR: Towissakos.

(*Tost*)

TAOISEACH: Ah for f-  
Is jóc é seo...

BEAN: Jóc?

FEAR: Jóc?

TRASNÁLAÍ: Jóc?!

BEAN: Ní haon jóc é. Tá sé seo á thaifeadadh againn. Raghaidh sé seo amach ar na meáin shóisialta, a Thaoisigh. Agus fotheidil leis. Níl fhios ag an Taoiseach cad is brí le ‘Taoiseach’.

TAOISEACH: Tá fhios agamsa go maith cad is brí le Taoiseach.

FEAR: Ní raibh fhios agat go dtagann –

TAOISEACH: Agus an bhfuil fhios ag David Cameron cad is brí le –

FEAR: Ó! Do chara David Cameron. Bhfuil fhios aige cad is brí le ‘Cameron’, cuir i gcás?

BEAN: Sea, a Thaoisigh. Cad is brí le ‘Cameron’?

TAOISEACH: Tá mo dhóthain áiféise cloiste inniu agam.

BEAN: Áiféis!?

TRASNÁLAÍ: Áiféis?

FEAR: Áiféis?

*(Tost)*

Freagair an cheist.

TAOISEACH: *(Ligeann osna. Rud éigin á rá aige i gcogar leis féin. Cromann an bheirt chun éisteacht leis. Déanann an **FEAR** comhartha leis an m**BEAN** lena dhá lámh ag fiafraí di an ag guí atá an **TAOISEACH**. Croitheann sí a guailí, á rá ach bhfuil fhios aici. Éistean siad arís. Tá an cogar níos airde anois agus cloiseann an lucht féachana é).*

Cameron ... Cameron... Cameron...

*(Gáireann an bheirt).*

FEAR: ‘Camshrón’! ‘Camshrón’ is brí leis. Gaelge na hAlban, a Thaoisigh.

TAOISEACH: Camshrón?  
Ab ea?  
An é sin is brí leis?  
Mmm . . . tá a shrón beagáinín cam ceart  
go leor, nach bhfuil?

BEAN: Tá gach aon chuid de cam.

TAOISEACH: Deoch uisce más é do thoil é.

BEAN: Deoch uisce?

FEAR: Deoch uisce, ab ea?

BEAN: Níl aon uisce anseo. Labhair le do  
chairde in Uisce Éireann.

TAOISEACH: Cá bhfuilim?

FEAR: Dhera, tabhair braon uisce dó.

BEAN: Bhfuil tú as do mheabhair? Tá *fluoride*  
ann! Agus n'fheadar cad eile. An  
dteastaíonn uait é a nimhiú?

TAOISEACH: (*Monabhar éigin dothuigthe*)

FEAR: Hath? Cá bhfuil tú ab ea?  
Níl tú i bhfad ó bhaile, a Thaoisigh.  
I gCaisleán an Bharraigh atá tú. Teach  
folamh. Teach fuar folamh. Ní rabhadar  
in ann na billí a íoc, ná an morgáiste. Tá  
aithne agat orthu. Chroith tú lámh leo  
aimsir an toghcháin. Tá siad imithe, a  
Thaoisigh, imithe chun na hAstráile agus  
na mílte eile leo. Níor chroith tú lámh leo  
sular imíodar.

TAOISEACH: Is this about the banks?

*(Tost)*  
Nama?

Cé sibhse?  
Cad tá uaibh?

BEAN: Freagraí...

FEAR: *(Bileog aige ina lamh arís)*  
Tá freagraí uainn.  
Anois, a Thaoisigh, cé a dúirt an méid seo:  
“One day history will have its say. Not the history they teach in Brussels, Paris or Washington but our history.”  
Cé a dúirt?  
*(Tost)*

BEAN: Buile faoi thuairim?

TAOISEACH: Abair arís é led thoil.

FEAR: “One day history will have its say. Not the history they teach in Brussels, Paris or Washington but our history.”

TAOISEACH: Níl fhios agam.  
Gerry Adams?

BEAN: Ní hea. Ba cheart go mbeadh fhios agat.

TAOISEACH: An ceart?

FEAR: An dtabharfaimid leid dó?

TAOISEACH : Bernadette D –

BEAN: Tabhair leid dó.

FEAR: P.L.

TAOISEACH: P.L.? P.L. ...Pl-pl—please... Peter ...  
Paul.... Pádraig ...P.L....P.L...Níl -

FEAR: Patrice Lumumba.

TAOISEACH: Hath?

BEAN: Agus cad dúirt tusa faoi Patrice Lumumba, a Thaoisigh?

TAOISEACH: Ní dúirt mise –

BEAN: “Some nigger who died *dans la guerre.*”  
*(Tost)*

TAOISEACH: Sciorradh focal...

BEAN: Sciorradh focal ...

TAOISEACH: Tharla sé tamall fada ó shin.

FEAR: Is cuma cathain a tharla sé. Tharla sé.  
*(Ceadaíonn sé a chuid nótaí)*

Sa bhliain 2002, mar a tharlaíonn.

TAOISEACH: Ní – ní cuimhin liom rómhaith é . . . ní cuimhin liom an comhthéacs anois. Is féidir rud ar bith a thógaint as comhthéacs.

BEAN: “Some nigger who died *dans la guerre*.”  
Níl aon ghá le comhthéacs, a Thaoisigh.  
(Leis an **FEAR**)  
Níl aon ghá agamsa le comhthéacs. Bhfuil gá agatsa le comhthéacs?

FEAR: Criathraíodh le piléir é, a Thaoisigh.  
Agus go ceann i bhfad ina dhiaidh sin d’fhéadfá rian na bpiléar sin a fheiscint sa chrann a bhí laistiar de.

TAOISEACH: Tá brón orm.

FEAR: Tá brón air.

BEAN: Táim cinnte go bhfuil.  
Bhí sé ar crith, a Thaoisigh, leis an bhfuacht. Leis an bhfuacht. Ní haon eagla roimh an mbás a bhí air.

TAOISEACH: Bhfuil sibhse . . . bhfuil sibh chun mé a mharú?

BEAN: Sracadh a chorp óna chéile le sábh miotail.

TAOISEACH: Tá brón orm.

BEAN: Agus conas a fuair siad réidh leis na stiallta feola?  
*[Isteach i gcluas an TAOISIGH]*  
SSSSSSSSSSSSSSSSSSSSSS!

TAOISEACH: Jeeeeesus!  
*(Tost)*

BEAN: Aigéad sulfarach.

TAOISEACH: Tá brón orm.

FEAR: Towisssssssakos!

BEAN: Tá brón air.  
Tríocho cúig bliana d'aois a bhí sé, a Thaoisigh.  
An CIA laistiar den rud ar fad ar ndóigh.  
Eisenhower féin a d'ordaigh a bhás.

TAOISEACH: Bhuel labhair le Eisenhower! Níl aon bhaint agamsa leis seo ar fad.

FEAR: I gcead duit, a Thaoisigh, tá.  
Tá Lumumba éigin ag fáil bháis gach lá.  
Nach ligeann tusa don CIA gabháil trí Aerfort na Sionainne... nach ligeann tú do shaighdiúirí Mheiriceá satailt ar thalamh neodrach na hÉireann?  
Colainn stróiche Lumumba ... Leádh colainn stróicthe Lumumba in aigéad sulfarach.  
Tá brón ort, a deir tú? Níl aon bhrón ort, a Thaoisigh. Ach b'fhéidir go mbeidh brón ort go luath.



*(Ardaíonn sé a ghiotár agus canann.  
Canann an **BHEAN** an focal 'fado' gach  
uair i gcluas an **TAOISIGH**, damhsa nó  
mím ar siúl aici)*

Ó cá bhfuil na blátha uainn?  
Am ag imeacht  
Ó cá bhfuil na blátha uainn?  
Fad-fad- fadó  
Ó cá bhfuil na blátha uainn  
Phioc na béithe iad, monuar!

Cathain a thiocfaidh ciall?  
Cathain a thiocfaidh ciall?

Ó cá bhfuil na béithe uainn?  
Am ag imeacht  
Ó cá bhfuil na béithe uainn  
Fad-fad fadó  
Ó cá bhfuil na béithe uainn  
Tá siad pósta, ó monuar!

Cathain a thiocfaidh ciall?  
Cathain a thiocfaidh ciall?

Ó cá bhfuil na daltaí uainn?  
Am ag imeacht  
Ó cá bhfuil na daltaí uainn  
Fad-fad fadó  
Ó cá bhfuil na daltaí uainn  
Ina saighdiúirí, monuar!

Cathain a thiocfaidh ciall?  
Cathain a thiocfaidh ciall?

Cá bhfuil na saighdiúirí uainn?  
Am ag imeacht

Cá bhfuil na saighdiúirí uainn?  
Fad-fad- fadó  
Cá bhfuil na saighdiúirí uainn?  
Insan uaigh, ó monuar!

Cathain a thiocfaidh ciall?  
Cathain a thiocfaidh ciall?

Ó cá bhfuil na huaigheanna uainn?  
Am ag imeacht  
Ó cá bhfuil na huaigheanna uainn?  
Fad-fad-fadó  
Ó cá bhfuil na huaigheanna uainn?  
Clúdaíonn blátha iad, monuar!

Cathain a thiocfaidh ciall  
Cathain a thiocfaidh ciall

Ó cá bhfuil na blátha uainn?  
Am ag imeacht  
Ó cá bhfuil na blátha uainn?  
Fad-fad- fadó  
Ó cá bhfuil na blátha uainn  
Phioc na béithe iad, monuar!

Cathain a thiocfaidh ciall?  
Cathain a thiocfaidh ciall?

*(Tost)*

TAOISEACH: Cé sibhse?

*(Tost)*

Níl sibh chun a rá?  
Meatacháin! Meatacháin is ea sibh.  
Cé sibh féin? Cad tá uaibh?

*(Tosaíonn siad ag súl timpeall air arís,  
deiseal ar dtús is ansin tuathal)*

FEAR: Cé sinne? Is mise Paddy, a Thaoisigh.

TAOISEACH: Paddy?

FEAR: *(Ag léamh ón mbileog)*  
Rud éigin a dúirt tú sa bhliain 2011:  
‘The incoming government is not going to  
leave our people in the dark. Paddy likes  
to know what the story is.’  
*(Gáireann an BHEAN)*

BEAN: Fair play dó. Tá acmhainn grinn aige.

FEAR: Paddy likes to know what the story is.

Bhuel, a Thaoisigh, what’s the story?

BEAN: Fágadh sa dorchadas sinn, a Thaoisigh.  
Inár muisiriúin. Is caitheadh cac linn.

FEAR: Cac.

TRASNÁLAÍ: Cac!

BEAN: Tuigeann tú cad is cac ann. Ar  
mhúineadar an focal sin duit i Scoil  
Náisiúnta Chorr na nAbhall?

TAOISEACH: It’s about Shannon, isn’t it?  
*(Tost)*  
An mar gheall ar Aerfort na Sionainne é?  
Tá mo lámha ceangailte.

FEAR & BEAN: Tá!

BEAN: Caithfidh go bhfuil sé sin dian ort. Do lámha bheith ceangailte. Is maith leat bheith ag croitheadh láimhe le daoine. Nach maith?

TAOISEACH: An bhfuil aon tuairim agaibhse cé mhéad jabanna a chaillfi sa tír seo dá gcuirfí cosc ar eitleáin mhíleata Mheiriceá tuirlingt ar Aerfort na Sionainne?

BEAN: Jabanna. Is mar gheall ar jabanna é mar sin? Ab ea?

TAOISEACH: Gheallamar don phobal go gcruthóimis jabanna. Jabanna atá uathu.

FEAR: Tá jab uaim féin.

BEAN: Tá jab uaimse. Agus tá na Meiriceánaigh chun tarraingt amach as an tír má thosaímid ag deanamh cigireachta, mar is ceart a dhéanamh, ar na heitleáin mhíleata sin acu, an bhfuil?

FEAR: Bhfuil tusa á rá gur cuma leat gur cailleadh na mílte gan áireamh, na mílte gan áireamh san Iaráic, san Afganastáin...

TAOISEACH: Ní dúirt mé gur cuma liom. Ach mar Thaoiseach ar an tír seo –

BEAN: Towissakos!

TAOISEACH: Ná tosaigh air sin arís.  
(*Tost*)

FEAR: (*Ag léamh ón mbileog*)  
“Ní fhaca mé in imeacht 30 bliain  
an oiread ísle brí agus lagmhisnigh . . .”  
Cé a dúirt?

TAOISEACH: (*Os íseal*)  
Níl fhios agam.

BEAN: Labhair amach!

TAOISEACH: Níl fhios agam! Cén chaoi a mbeadh fhios  
agam?

FEAR: Níl fhios aige.

BEAN: Níl.

TAOISEACH: Lumumba?

FEAR & BEAN: Lumumba!  
(*Gáireann siad*)

FEAR: Éist arís leis.  
“Ní fhaca mé in imeacht 30 bliain an  
oiread ísle brí agus lagmisnigh . . .”

TAOISEACH: D’fhéadfadh éinne a bheith ann.

BEAN: D’fhéadfadh. Is fíor dó. Chun a cheart a  
thabhairt dó, d’fhéadfadh éinne a bheith  
ann.

TRASNÁLAÍ: Éinne!

FEAR: Tabharfaidh me leid duit, a Thaoisigh.

BEAN: Towissakos.

TAOISEACH: Jesus, Mary and Joseph.

FEAR: Freagra mícheart.

Tusa, tusa a Thaoisigh a chuir ísle brí air.  
Tusa agus do chuid comrádaithe a chuir lagmhisneach air.

TAOISEACH: Cé?

FEAR: An Coimisinéir Teanga.

TAOISEACH: This is what this is all about is it?

FEAR: Sular éirigh sé as. Sin a raibh le rá aige.  
“Ní fhaca mé in imeacht 30 bliain an oiread ísle brí agus lagmisnigh ...” Nach bhfuil aon náire ort?

TAOISEACH: Níl.

TRASNÁLAÍ: Hath?

BEAN: Smaoinigh! Beidh sé seo ag dul amach ar na meáin shóisialta, a Thaoisigh. An bhfuil tú cinnte nár mhaith leat freagra eile a thabhairt dúinn?

TAOISEACH: An bhféadfá mo charbhat a scaoileadh beagán, le do thoil.

BEAN: Bainfimid díot ar fad é.  
*(Baineann sí a charbhat de)*  
 Carbhat breá gorm. Síoda ab ea?

FEAR: Cuir síoda ar ghabhar agus is gabhar i gcónaí é.

BEAN: Gorm. Is breá libh an dath sin.  
 Tú féin agus an Camshrónach. ‘True blue’. Nach ea?  
 Briseann an dúchas. An bhfuil tú in ann smaoineamh lasmuigh den bhosca gorm? An bhfuil lucht na heite clé –

FEAR: Pé áit ina bhfuil siad sin!

BEAN: – in ann smaoineamh lasmuigh den bhosca dearg?  
 An bhfuil poblachtaigh in ann smaoineamh lasmuigh den bhosca glas?

FEAR: *(Ardaíonn a ghiotár agus tosaíonn ag canadh ‘Boscaí Beaga’. Díséad an uair seo, cuid de á chanadh ag an mBEAN. Cuireann an TRASNÁLAÍ isteach orthu ó am go chéile)*  
 Boscaí beaga ’r thaobh an chnocáin  
 Boscaí beaga déanta as ticí teaicí  
 Boscaí beaga ’r thaobh an chnocáin

Boscaí beaga, 's ionann iad.

TRASNALAÍ:

Is ionann.

BEAN:

Tá ceann glas ann, tá ceann pinc ann

Ceann gorm agus buí ann,

Iad go léir déanta as ticí teaicí

Iad go léir is ionann iad.

TRASNALAÍ:

Is ionann.

FEAR:

Is na daoine 'stigh sna tithe

Do chuadar chun na hollscoile

Agus cuireadh iad i mboscaí

Is amach leo, 's ionann iad,

TRASNALAÍ:

Is ionann.

Bhí an dochtúir is an dlíodóir

An feidhm-eannach gnó, ar ndóigh,

Is gach éinne déanta as ticí teaicí

Is gach éinne, 's ionann iad.

TRASNALAÍ:

Is ionann.



BEAN: Is imríonn siad ar an ngalfchúrs' –

TRASNÁLAÍ: Dia dár reiteach!

BEAN: Is ólann martini dry  
Is is gleoite iad na páistí  
Is na páistí 'dul ar scoil.

Téann na páistí 'dtí an Ghaeltacht  
As sin chun na hollscoile,  
Agus cuirtear iad i mboscaí  
Is amach leo, 's ionann iad.

TRASNÁLAÍ: Is ionann.

FEAR: Téann na buachaillí i mbun gnó  
Bíonn bean acu is páistí  
I mboscaí déanta as ticí teaicí  
Iad go léir is ionann iad.

TRASNÁLAÍ: Is ionann.

FEAR & BEAN: Tá ceann glas ann tá ceann pinc ann

Ceann gorm agus buí ann,  
Iad go léir déanta as ticí teaicí  
Iad go léir is ionann iad.

- TRASNÁLAÍ: Is ionann.
- TAOISEACH: Thabharfainn bualdh bos daoibh ach go bhfuil mo lámha ceangailte.
- BEAN: Dúirt tú é sin cheana – faoi Aerfort na Sionainne.  
(*Cloiseann sí rud éigin*).  
Fuist! Cad a bhí ansin?
- TAOISEACH: Heileo!
- BEAN: Dún do chlab tusa! An gceapann tú go bhfuil Obama ag teacht chun tú a tharrtháil?
- FEAR: Níl ann ach francaigh.
- TAOISEACH: Francaigh?
- TRASNÁLAÍ: (*Canann*)  
'Tá na Francaigh 'teacht thar sáile' arsa an tSeanbhean Bhocht.
- FEAR: Bogann na daoine amach. Bogann na francaigh isteach.
- BEAN: 'Uaisliú!'

TAOISEACH: Hath?

FEAR: ‘Gentrification.’

BEAN: I do chontae féin, a Thaoisigh, tá tú ag ligean do Shell an t-airgead go léir a chur ina bpócaí. Ní bheadh ar mhuintir an tí seo imeacht thar loch amach dá mbeadh ruainne éigin d’airgead Shell á dháileadh mar is ceart.

TAOISEACH: Ó! It’s about Shell now is it? Hath? An mar gheall ar Shell é?

FEAR: Ní sa Dáil atá tú anois. Tá freagraí cearta uainn.

BEAN: Ní thuigeann sé ...  
Ní thuigeann tú, a Thaoisigh...

FEAR: Towissakos.

BEAN: Towissakos! Ní mar gheall ar Shell é. Is mar gheall ar gach aon rud é. Shell san áireamh. Cúrsaí oideachais. Cúrsaí sláinte! An Troika.  
An teanga. An timpeallacht. An t-uisce. Bhfuil sibh chun cáin a ghearradh ar an aer, ar sholas na gealaí gile os cionn an tsáile?

TAOISEACH: Níor smaoiníomar ar an gceann sin.

FEAR: Tá greann aige.

TAOISEACH: Bain an dalladh púicín díom. Pléimis é seo. Mar dhaoine fásta.

FEAR: Cad tá le plé?  
Níl aon rud le plé.

TAOISEACH: Ní chreideann sibh sa phlé?

BEAN: Plé? Caint caint caint ó mhaidin go hoíche. Táimid bodhar agaibh.

TAOISEACH: Plé. Sea. Caint. Sea. Díospóireacht. Sin is daonlathas ann. Nach ea?

BEAN: Daonlathas!

FEAR: Daonlathas? Níl daonlathas sa tír seo.

TAOISEACH: Nach bhfuil? Admhaím go bhféadfaí an daonlathas a neartú.

FEAR: A neartú? Fáil réidh leis!

TAOISEACH: Fáil réidh leis an daonlathas?  
An jihadists sibh nó –?

BEAN: Jihadists?

*(An bheirt acu sna trithí gáire. Nuair a chiúnaíonn siad síos tosaíonn siad ag siúl go bagrach timpeall air)*

FEAR: Jihadists! Stop ag cur lipéad ar dhaoine!  
*(Tost)*

Daonlathas, a Thaoisigh . . .

TAOISEACH: Sea, táim ag éisteacht ...

FEAR: Daonlathas is ea do vóta a chaitheamh...

TAOISEACH: Sea.

FEAR: Do ghuth a chaitheamh.

TAOISEACH: Sea.

FEAR: Agus an chumhacht a thabhairt duitse.

TAOISEACH: Bhuel ... sea, más maith leat.

FEAR: Tá mo ghuth ar ais uaim.

TRASNÁLAÍ: Tá mo ghuthsa ar ais uaim!

BEAN: Tá ár nguth ar ais uainn.

FEAR: Tá an chumhacht uainn.  
An chumhacht a thugamar uainn.  
Agus féach cad tá déanta agaibh leis an gcumhacht sin.

TAOISEACH: Dheineas-sa mo dhícheall. Mo sheacht ndícheall.

FEAR: Dhein, duit féin. Is do d'aicme fein.  
Ní domsa.

BEAN: Ná domsa.

TRASNÁLAÍ: Ná domsa.

FEAR: Ná don dream a bhí sa tigh seo, sa tigh folamh seo gan aird.

BEAN: Ná an 200,000 eile a d'imigh.

FEAR: Breis is há chéad míle, a Thaoisigh.

TAOISEACH: Nílim á shéanadh. Bhí fadhbanna móra ann nuair a thánamar i gcumhacht.

FEAR: I gcumhacht, a deir sé.

BEAN: Cumhacht, sea. Cumhacht. Nuair a tháinig sibh i gcumhacht. Cumhacht a bhí uait, nach ea? Tá an chumhacht ar ais uainn.

FEAR: Ghoid tu ár gcuid smaointe uainn, ghoid tú ár dtoil uainn, ár bpaisean, ár samhlaíocht, ár bhfuinneamh, ár n-anam, ár saoirse, ár dteanga –

TAOISEACH: Ní chuirfinnse mar sin é. Ní mar sin a fheictear domsa é.

BEAN: Ní fheiceann tú faic.

TAOISEACH: Bhuel is fíor sin agus an dalladh púicín seo orm.

BEAN: An chúis go bhfuil dalladh púicín ort ná go bhfuil sé seo ag dul amach ar na meáin shóisialta. Siombail is ea an dalladh púicín de dhaille an rialtais seo, daille an chórais. Do dhaille féin.

TAOISEACH: B'fhéidir nach córas fairfe amach is amach é ach is é an córas is fearr atá ann.

FEAR: Creideann tú do bhréaga féin, do bholscaireacht féin.

TAOISEACH: Creidimse san fhírinne. Cad a dhéanadh sibhse i m'áit? Burn the bondholders and all that boloney, ab ea? Creidimse sa chóras seo!

FEAR: Caithimse vóta do Teachta Dála éigin, abair, agus beidh seisean nó sise mar ionadaí agam? Táim chun mo ghuth a thabhairt don Teachta sin? An chumhacht a thabhairt don Teachta sin? An bhfuil? Sin é an córas a gcreideann tú ann, ab ea?

BEAN: Bhuaileas-sa le T.D. uair amháin.  
(*Tost*)

FEAR: Agus?

TAOISEACH: Agus?

TRASNÁLAÍ: Agus?

BEAN: Dia dhuit, ar mise; heileo, ar seisean.  
(*Cnead ón TRASNÁLAÍ*)

FEAR: Hath! Cén fáth a dtabharfainnse mo ghuth dó siúd? D'éinne? Liom féin mo ghuth! Lig dom labhairt. Lig dom labhairt le mo ghuth féin. Ní le guth éinne eile. Cá bhfios don duine eile sin cad dó a seasaimse, an dearcadh atá agamsa ar –

ar mhíle ceist. Cá bhfios dó cad tá im chroíse? Nuair a thagann brúghrúpa chuig an Teachta Dála sin chun seo siúd is uile a chur chun cinn, an lorgaíonn sé mo thuairimse ina thaobh roimh ré? Cá bhfuil mo ghuthsa?

Ceapann sibhse rialacha, dlíthe, rialúcháin, lá i ndiaidh lae, sa Dáil, sa Seanad, thall san Eoraip, rialúcháin, rialúcháin, rialúcháin agus dá gcuirfí i gcló i bhfoirm leabhar iad bheadh na leabhair sin ina gcéimeanna chun na gealaí in airde. Is gealtachas é.

Conas is féidir rialúcháin a cheapadh a oireann do gach éinne? Ní féidir. Táimid ar fad difriúil. Tá dearmad déanta agaibh air sin, go bhfuilimid ar fad difriúil.

BEAN: N'fheadar mar gheall ortsa, a Thaoisigh, ach táimse difriúil.

TRASNÁLAÍ: Agus táimse difriúil!

FEAR: Agus bíonn na meáin ar bhur son i gcónaí ar ndóigh. Nach mbíonn? Tá sibh tar éis dallamullóg a chur ar aos dána na tíre fiú amháin. Ach tá na meáin shóisialta ann agus meáin faoi thalamh. Agus táimid inár ndúiseacht. Sa deireadh!

TAOISEACH: Cé sibhse?  
An ainrialaithe sibh?

BEAN: Ná bí ag iarraidh lipéad a chur orainn le do thoil. Is daoine sinn. Sin uile. Ní baill de ghrúpa ná de bhrúghrúpa ar bith sinn.



FEAR: Ná ní baill de pháirtí polaitíochta ar bith sinn. Braitheann tusa slán sábháilte i dTeach Laighean agus móramh laistiar díot dar leat, móramh na tíre, móramh na Dála.  
Luaigh tú na hainrialaithe. Duine díobh, Malatesta, nach eisean a dúirt ... dúirt sé... rud éigin mar seo.

BEAN: A mhúinteoir! A mhúinteoir! Dúirt sé: 'Ní gá go mbeifeá sa cheart díreach toisc móramh a bheith laistiar díot.'

TAOISEACH: Cé a dúirt?

FEAR: Malatesta!

TAOISEACH: Who he?!

BEAN: Seachain tú féin anois! Na bí ag éirí sotalach. An gcloiseann tú mé?

FEAR: Móramh laistiar díot? Ní chruthaíonn sé sin faic.

BEAN: Faic.

FEAR: Daoine aonair agus mionlaigh a dhéanann leas na ndaoine. Daoine a bhfuil fis acu.

BEAN: Daoine aonair. Mionlaigh.

FEAR: An móramh, de réir a nádúir, is mall coimeádach an dream iad an móramh.

BEAN: Mall ... coimeádach.

FEAR: An-mhall. An-choimeádach.

FEAR: Sin mar is maith leatsa iad, is dócha, mall coimeádach.

TAOISEACH: Cé sibhse?

BEAN: Cé thusa?

TAOISEACH: Is mise an Taoiseach.

BEAN: Towissakos!

FEAR: ‘Taoiseach an bháis’ a thugtar ar an diabhal, an raibh fhios sin agat?

*(Tost)*  
Féach, plútacratachas corparáideach atá againn anseo agus gach áit eile sa domhan ‘forbartha’ mar dhea. Cad a deir Derrick Jensen?

BEAN: ‘Government by, for, and of corporations.’

FEAR: Fágfaimid leis an smaoineamh, sin thú: ‘Government by, for and of corporations.’  
*(Tost)*

*(Go tobann)*  
Bhuel, beimidne ag bualadh bóthair.

TAOISEACH: Cá bhfuil - ?

BEAN: Ní haon tír í seo do dhaoine óga a thuilleadh.

TRASNÁLAÍ: Ní haon tír do sheandaoine í ach oiread.  
[Éiríonn sí. Bagraíonn a bata ar an  
**TAOISEACH** agus amach as an amharclann  
léi, í ag bacadradh agus á rá os íseal)

Mise Éire  
Sinne mé ná an Chailleach Bhéara ...

FEAR: Deas bheith ag caint leat. Smaoinigh orainn ó  
am go chéile.  
(Ardaíonn an ceamara is an tríchosach.  
Fágann an stáitse)

BEAN: Má chloiseann tú na francaigh, a Thaoisigh,  
tosaigh ag canadh. Scanróidh sé sin iad!  
(Exit. Fágтар an **TAOISEACH** leis féin ar an  
stáitse. Cloistear francaigh.)

TAOISEACH: (Ag canadh) Boscaí beaga ... boscaí  
beaga ... boscaí beaga ...

(Tost. Leanann fuaim na bhfrancach)

(LÁNMHÚCHADH SOILSE)

**BRAT**